



Comhpháirtíocht Leader Phort Láirge Waterford Leader Partnership

## SPRIOCghAIRM I gCOMHAIR CISTITHE – RÉAMHFHÓGRA-BEALTAINÉ 2021

Reachtálfar an cheardlann eolais seo ar líne roimh don chéad ghairm oifigiúil eile ar Léiriú Suime i gcomhair cistithe faoi bhrat Chláir nua Idirthréimhseach LEADER 2021-2022 a bheith oscailte.

**Tá sé éigeantach go bhfreastalódh daoine ar mian leo cur isteach ar chistiú ar an seisiún eolais seo ar líne.**

Dáta	Formáid	Am
Dé Luain 24 Bealtaine	Seisiún Teams ar líne	9.30-11rn

**NB:Cláraigh do shuim sa spriocghairm seo i gcomhair cistithe trí ríomhphost a sheoladh roimh Dé hAoine 21 Bealtaine ar 12 nóin chuig: [info@wlp.ie](mailto:info@wlp.ie) Nó [claire.connors@wlp.ie](mailto:claire.connors@wlp.ie)**

**Más mian leat go bhfreastalódh daoine eile id'eagras ar an seisiún seo ar líne tabhair seoltaí ríomhphoist dóibh i gcorp do ríomhphoist. Ceadófar uasmhéid de bheirt in aghaidh an eagrais.**

Tar éis freastal ar an gceardlann ar líne, iarrfaidh Comhpháirtíocht Leader Phort Láirge, Cuideachta faoi Theorainn Rathaíochta, Léirithe Suime thar ceann Choiste Um Fhorbairt Pobail Áitiúil Chontae Phort Láirge.

**Is é an dáta oscailte i gcomhair Léirithe Suime ná 11rn Dé Luain 24 Bealtaine 2021.**

**Is é an dáta dúnta ná 12 nóin Dé hAoine 28 Bealtaine 2021**

**Cuirfear in iúl do Léirithe Suime a n-éiríonn leo agus nach n-éiríonn leo faoi**

**3in Dé hAoine 28 Bealtaine.**

**Ní mór** d'iarrthóirí a n-éiríonn leo, a bheith ar fáil chun freastal ar cheardlann ar líne **Dé Luain 31 Bealtaine 2021 ó 9.30rn-11rn** agus an t-iarratas ar chistiú comhlánaithe acu,

Osclaíonn gach Gairm i gcomhair iarratas Dé Luain 31 Bealtaine 2021 ach tá dhá spriocdháta chun iarratais a sheoladh isteach ag brath ar chead pleanála a bheith nó gan a bheith riachtanach

Sa chás nach mbeidh cead pleanála riachtanach, is é an spriocdháta i gcomhair iarratas ná

**Dé hAoine 2 Iúil 2021 ar 12 nóin**

Tabhair do d'aire le do thoil, sa chás go mbeidh cead pleanála riachtanach, beidh an spriocdháta i gcomhair iarratas níos sia amach chun an próiseas a éascú agus beidh

**Dé hAoine 30 Iúil 2021 ar 12 nóin** ina priocdháta i gcomhair na n-iarratas úd.

Ní hionann cuireadh chun céim an iarratais agus aon chinnteacht go mbronnfar cúnamh deontais ort toisc gur próiseas iomaíoch é. *(Tabhair do d'aire le do thoil gurb é €5,000 íosmhéid an deontais agus gurb é €200,000 an t-uasmhéid).*

Is féidir cistiú a bhronnadh faoi gach téama agus gach fothéama chuig uasmhéid de 75% de chostas an tionscnaimh ina iomláine i gcomhair tionscnóirí príobháideacha faoi réir ag rannpháirtíocht i staidéar bonnlíne fuinnimh (Le WLP nó LEO) agus uasmhéid de 75% d'iarrthóirí ó ghrúpaí pobail. Déanfar cinneadh i dtaobh an ráta cúnamh a bheidh á thairiscint tionscnamh ar thionscnamh.

#### **TÉAMAÍ & BUISÉID NA GAIRME MAR SEO A LEANAS: Buiséad Iomlán don Ghairm: €1,111,652.85**

<b>Cuspóir Áitiúil</b>	<b>Beart Straitéiseach</b>	<b>Fócas an chláir nua</b>
LO1 Turasóireacht Tuaithe	1.1 Turasóireacht Gníomhach	<i>Tacaíocht do thograí nua agus nualaíocha i réimsí athrú aeráide, caomhnú an chomhshaoil agus an geilleagar glas.</i>
	1.4 Brúna Pobail/Páirceanna do Veaineanna Campála/Glampáil	
LO2 Forbairt Fiontar	2.1 Infheistíocht i ngnólachtaí atá ann cheana féin agus i dteicneolaíocht nuathionscanta	
LO3 Bailte Tuaithe	Athbheochan Sraidbhailte áitiúla trí fhorbairt an Chaipitil Dhaonna agus Infheistíocht Chaipitil in dhá thogra bonneagair.	
LO 5 Seirbhísí bunúsacha do phobail a bhfuil sé deacair rochtain a dhéanamh orthu	Buntacú le tograí um Chuimsiú Sóisialta i gCeantair Tuaithe trí infheistíocht i gCaipiteal Fisiciúil agus Daonna.	<i>Tograí Pobail nach bhfuil Cúnamh LEADER faighte acu</i>

LO 7 Comhshaol na Tuaithe	Feasacht bhreise a chur chun cinn ar an gcomhshaol trí oiliúint agus tionscadail eiseamláireacha.	<i>Bearta bithéagsúlachta</i>
LO 8 Caomhnú & Úsáid Inbhuanaithe Acmhainní Uisce	Feasacht bhreise maidir le huisce agus úsáid uisce a chur chun cinn trí oiliúint agus tionscadail eiseamláireacha	<i>Caomhnú uisce agus tionscnaimh athchúrsála</i>

**Chun cuireadh a fháil le freastal ar an seisiún eolais seo ar line, cláraigh do shuim sa spriocghairm seo i gcomhair cistithe trí ríomhphost a sheoladh roimh Dé hAoine 21 Bealtaine ar 12 nóin chuig: [info@wlp.ie](mailto:info@wlp.ie) Nó [claire.connors@wlp.ie](mailto:claire.connors@wlp.ie)**

**GAIRM NÁISIÚNTA BHIA: Tabhair do d'aire le do thoil go bhfuilimid ag glacadh le tograí ar bhonn atrátha faoi réir bhuiséid Rann a bheith ar fáil.**



Cistithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe & Forbairt Phobail.